# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**27 Deireadh Fómhair 2022** || Eagrán 119

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**






# SIOPA AN PHOBAIL

D'oscail na doirse ag Tesco, Indreabhán le gairid. Bhí an siopa dúnta ó dheireadh Lúnasa, le hathchóiriú iomlán a dhéanamh air taobh istigh. I gcaitheamh an lae, Dé hAoine agus aríst Dé Sathairn, bhí an siopa ag cur thar maoil le daoine ag breathnú thart, ag siopadóireacht agus ag baint meabhair as an gcóras nua féinseirbhíse. Nuair a fógraíodh i dtosach go raibh Tesco leis an siopa a cheannach ó Joyces d'iarr Cumann Forbartha Chois Fharraige agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar Tesco (Ireland) an t-ainm 'Siopa an Phobail' a choinneáil agus tá sin déanta acu. Chomh maith leis sin, tá tús áite tugtha ag Tesco don Ghaeilge sa gcomharthaíocht ar na seastáin éagsúla.

# SEÓ MÓR AN OIREACHTAIS

Tá Tuismitheoirí na Gaeltachta ag obair le gasúir an phobail le roinnt ama anuas le tacaíocht agus cúnamh a thabhairt dóibh agus iad ag réiteach le haghaidh Oireachtas na Samhna 2022. Beidh deis ag an bpobal na daoine óga a fheiceáil ar stáitse sula dtabharfaidh siad aghaidh ar Chill Áirne, ar an Domhnach 30 Deireadh Fómhair @ 12:30 san Ionad Pobail in aice le Séipéal Leitir Móir. Beidh meascán iontach le cloisteáil, agus le feiceáil ar an lá idir Agallamh Beirte, scéalaíocht, aithriseoireacht, damhsa ar an sean-nós agus amhránaíocht ar an sean-nós. Má tá tuilleadh eolais ag teastáil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Tuismitheoirí na Gaeltachta ag eolas@tuismitheoiri.ie
Fáilte roimh chách!







# SEÓ MÓR AN OIREACHTAIS

Beidh deis ag an bpobal na daoine óga a bhí ag cleachtadh faoi scéim Oireachtais Thuismitheoirí na Gaeltachta a fheiceáil ar stáitse sula dtabharfaidh siad aghaidh ar Chill Airne

**Dé Domhnaigh**
**30 Deireadh Fómhair 2022**
**@ 12.30i.n.**
**san Ionad Pobail in aice le**
**Séipéal Leitir Móir**

## Fáilte roimh chách!

AGALLAMH BEIRTE - SCÉALAÍOCHT
-AITHRISEOIREACHT - DAMHSA AR AN SEAN NÓS
- AMHRÁNAÍOCHT AR AN SEAN NÓS



# TASICE CHOIS FHARRAIGE

**Taisce Chois Fharraige a thugtar ar an suíomh idirlín atá curtha i dtoll a chéile ag Ceoltóirí Óga Chois Fharraige agus a muintir. Cnuasach eolais ar líne atá ann faoi fhonnadóirí, cheoltóirí, dhamhsóirí, scéalaithe agus scríbhneoirí Chois Fharraige i nGaeltacht Chonamara. Níl an obair ach ina tús, ach déanfar an méid atá déanta a cheiliúradh nuair a dhéanfar an suíomh idirlín www.taiscecf.ie a sheoladh ag Oireachtas na Samhna, 5 Samhain, i gCill Áirne. Tá blas na hóige ar an suíomh, tá sé snasta, soiléir, tarraingteach agus slachtmhar. Tá idir sheaneolas agus eolas nua ann chomh maith le pictiúir, ábhar fuaime agus ábhar físe. Tá súil ag an ngrúpa, ag brath ar chúrsaí maoinithe, áiseanna a fhorbairt don fhoghlaimeoir Gaeilge, don scoláire ceoil agus amhránaíochta, do mhic léinn ollscoile agus do dhaoine a bhfuil suim acu i ngnéithe de chultúr dúchais na Gaeltachta. Is le linn na dianghlasála a cuireadh tús leis an togra seo agus is in ómós dóibh san a choinnigh an cultúr beo i gCois Fharraige san am atá thart agus dóibh san a tharraing agus a tharraingíonn cáil ar cheantar Chois Fharraige a thogair na daoine óga agus a muintir bualadh faoin obair. Ghlac os cionn 80 duine óg páirt sa togra seo agus iad faoi stiúir mheantóirí cumasacha ar chleachtóirí ealaíon aitheanta iad: Fearghas Mac Lochlainn, Luisne Ní Neachtain, Aisling Ní Neachtain, Caitlín Ní Chualáin, Róisín Elsafty, Nóirín Ní Ghrádaigh, Éilís Lennon agus Johnny Óg Connolly. Den chuid is mó roghnaigh na scríbhneoirí óga oirfidigh a raibh aithne acu orthu, gaolta agus comharsana. Cuireann an t-ábhar atá curtha le chéile ag Taisce Chois Fharraige, le cúnamh ón bpobal freisin, go mór le saibhreas cultúrtha an cheantair. Tá aitheantas faoi leith tuillte ag Odí Ní Chéilleachair a tháinig aníos leis an smaoineamh agus atá á stiúrú ó shin.**

# GAEILGE AR AN TEALLACH

**Sheol Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga leabhrán nua le gairid, dírithe ar thuismitheoirí atá ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge agus níos mó Gaeilge a úsáid ag abaile. 'Sí Nóra Seoighe a réitigh an t-ábhar don leabhrán - tá Nóra ag múineadh leis an bhFóram le tamall anois, ag díriú go sonrach ar thuismitheoirí. Díríonn an leabhrán ar théamaí agus gnéithe éagsúla de shaol laethúil an teaghlaigh - na míonna, na laethanta, na huimhreacha chomh maith leis an gclann, an aimsir agus an scoil. Cuirtear na téarmaí Gaeilge, chomh maith leis an aistriúchán Béarla ar fáil sa leabhrán. Chomh maith le sin, má leantar an cód QR taobh istigh den leabhar, tabharfar chuig suíomh idirlín An Fhóraim chugat áit gur féidir éisteacht le taifeadadh fuaime d'ábhar an leabhráin.**

Is féidir cóip den leabhrán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hOifig na Pleanála Teanga ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com






# COMÓRTAS!

Tá Comórtas Náisiúnta Ealaíne á reáchtáil ag an an gComhar Creidmheasa faoi láthair. Tá scoláirí áitiúla gnóthach faoi láthair agus pictiúir á réiteach acu! 'Sé 'Nach Iontach an Domhan É' atá roghnaithe mar théama an chomórtais i mbliana. Glacfaidh Comhar Creidmheasa Cholm Cille le hiarratais don chomórtas go dtí Dé hAoine 4ú Samhain. Go n-éirí go geal le chuile dhuine! Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gComhar Creidmheasa le tuilleadh eolais a fháil: www.cccholmcille.ie




# COMÓRADH SPEISIALTA AG CUMANN IOMÁNAÍOCHTA BEARNA NA FORBACHA

Tá breithlá speisialta ag Cumann Iománaíochta Bearna Na Forbacha i mbliana, ag ceiliúradh 30 bliain ar an bhfód. Le ceiliúradh a dhéanamh ar an mbreithlá seo, tá geansaithe speisalta ar fáil ón gcumann, a dearadh go speisialta in ómós don méid atá bainte amach ag an gcumann le 30 bliain anuas. Le d'ordú a dhéanamh, is féidir téacs a sheoladh chuig Donna Cox 0876340846 nó Siobhán McDonagh ar 0863826408. Ná déan dearmad d'ainm a luadh, chomh maith le tomhas an gheansaí atá ag teastáil uait. Moltar orduithe don Nollaig a bheith déanta roimh an Aoine 4ú Samhain. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar chuntas Facebook an chlub. Rachaidh síntiús ó dhíol gach geansaí chuig Ospís na Gaillimhe i gcuimhne ar Siobhán Flaherty.







# COMÓRTAS NA SAMHNA

Bhí gasúir Chois Fharraige an-ghnóthach le linn na seachtaine agus maisiúcháin na Samhna á réiteach acu dúinn in Oifig na Pleanála Teanga. Lorgaíodh cúnamh ó na gasúir freisin roinnt íomhánna na Samhna a ainmniú - bíonn na hOifigigh Pleanála Teanga Aoife agus Katie i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar a bhfoclóir! Rinne na gasúir an-jab - le cuid mhaith den dea-obair le feiceáil anseo thíos. Le buíochas mór a ghabháil leo, chuaigh Aoife agus Katie ar cuairt chuig na gasúir le féiríní a bhronnadh orthu as ucht an obair iontach a rinne siad. Míle buíochas leis na healaíontóirí óga uilig agus na cúntóirí fásta a thug cúnamh dóibh agus iad i mbun oibre!



# BISEACH 2022

Ó seoladh é Déardaoin seo caite ar an gclár Iris Aniar (RnaG), tá os cionn 500 cóip den iris BISEACH 2022 díolta sna siopaí i gCois Fharraige agus is beag cóip atá fágtha. Tá 96 leathanach san iris i mbliana le neart ábhar léitheoireachta, idir stair áitiúil, seanchas, tuairimíocht, cúrsaí reatha agus go leor leor grianghraf, idir sean agus nua. Cumann Forbartha Chois Fharraige a fhoilsíonn BISEACH go bliantúil, le cabhair deontais ó Roinn na Gaeltachta. Sé Lochlainn Ó Tuairisg a rinne eagarthóireacht ar an iris agus Clódóirí CL i gCasla a rinne an dearadh 's an chlódóireacht. Seo a leanas cuid den ábhar atá san iris i mbliana; Saol agus Saothar Christie Macken le Cormac Ó Comhraí, Cumann Gailf Chois Fharraige le Mártan Ó Ciardha chomh maith le Eoghan Ó Neachtain (1897 – 1957) le Máire Ní Neachtain, John Ford le Ciarán Ó Cualáin, Beti Uí Bhaoill (1937 – 2022) le Niamh Ní Bhaoill agus Muintir Dhonnchadha an Tí Mhóir leis an Ath Stiofán Ó Donnchadha. Chomh maith le siopaí i gCois Fharraige, tá BISEACH le fáil i Leitir Móir, i mBéal a' Daingin, Tigh Mháille i Ros Muc, An Siopa Beag ar an Teach Dóite agus ón gComharchumann i gCorr na Móna. I nGaillimh beidh an iris le ceannach i Siopa Leabhar Charlie Byrnes. Is féidir é a ordú chomh maith ó Chló Iar-Chonnacht, gan le déanamh ach glaoch ar Chló Iar-Chonnacht (091 593307) nó dul chuig an suíomh www.cic.ie.



# Ardchúrsa Gramadaí
# (12 Seachtainí)



le Séamas Ó Máirtín

**Ag tosú: 9 Samhain**
**Áit: Inis Fáil, An Spidéal**
**Am: 7:00i.n – 8:30i.n**

Costas €100
Leabhrán Oibre ar fáil.



Líon na
Spásanna Teoranta!!!

Clárú @ ocptchoisfharraige@gmail.com

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga







Gach rath ar chuile dhuine ag glacadh páirte sna comórtais ag Oireachtas na Gaeilge an tseachtain seo chugainn i gCill Áirne.

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga